2025/217

7.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/217 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Feabhra 2025

lena gceartaítear an leagan Cróitise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(2), Airteagal 37(4), Airteagal 40(2) agus Airteagal 41(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Cróitise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]), tá earráid in Iarscríbhinní IV agus V a mhéid a bhaineann leis an téarma le haghaidh víreas PPV000. Tá earráid freisin in Iarscríbhinní VI agus VIII a mhéid a bhaineann leis na plandaí de speicis *Solanum L.* ar plandaí le haghaidh plandú iad. Thairis sin, in Iarscríbhinní VII agus VIII, úsáideadh téarma mícheart le haghaidh ceann de na cineálacha ábhair pacáistíochta adhmaid. Déanann na hearráidí difear do shubstaint an ghnímh sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Cróitise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis na tuairimí ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna seachadadh sular glacadh na Rialacháin Chur Chun Feidhme seo a leanas: Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, (AE) 2021/2285 ([3]), (AE) 2023/1492 ([4]), (AE) 2024/2004 ón gCoimisiún ([5]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2285 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí, toirmeasc agus ceanglas chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a aistriú laistigh de agus lena n-aisghairtear Cinntí 98/109/CE agus 2002/757/CE agus Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) 2020/885 agus (AE) 2020/1292 (IO L 458, 22.12.2021, lch. 173, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2285/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1492 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2023 lena leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le cineálacha áirithe adhmaid de thionscnamh Cheanada agus na Stát Aontaithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais (IO L 183, 20.7.2023, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1492/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2004 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le liostú lotnaidí agus rialacha maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a thabhairt isteach san Aontas agus a ngluaiseacht laistigh de (IO L, 2024/2004, 26.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2004/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN